**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia*
*An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra*

**2023/0085(COD)**

11.10.2023

# ***I
# DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl (an Treoir maidir le Maímh Ghlasa)
(COM(2023)0166 – C9-0116/2023 – 2023/0085(COD))

An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia
An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

Rapóirtéir: Cyrus Engerer, Andrus Ansip

(Nós imeachta comhchoiste – Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta)

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................34

IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR..........................................................................................................36

# DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl (an Treoir maidir le Maímh Ghlasa)**
**(COM(2023)0166 – C9-0116/2023 – 2023/0085(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0166),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0116/2023),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do chomhphléití ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia agus ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra faoi Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia agus ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 26 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(26a) Tugann fianaise eolaíoch arna haithint go forleathan le fios gur cheart an measúnú ar mhaíomh a bheith bunaithe ar mhodheolaíochtaí, ar chuir chuige nó ar staidéir a forbraíodh i gcomhréir leis na cleachtais is fearr ó thaobh trédhearcachta de agus a ndearna an pobal eolaíochta athbhreithniú piaraí neamhspleách orthu, a foilsíodh in irisí eolaíochta agus, i gcás ina bhfuil siad ar fáil, na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana atá ábhartha maidir leis an maíomh a dhéantar a chur san áireamh, amhail caighdeáin ISO nó caighdeáin CEN/CENELEC.*** |

Or. en

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Tá treoraíocht sa Mholadh ón gCoimisiún (AE) 2021/2279 maidir leis an mbealach chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí nó eagraíochtaí sonracha a thomhas agus faoin mbealach chun Rialacha Catagóire maidir leis an Lorg Comhshaoil Táirge (PEFCRanna) agus Rialacha Earnála maidir leis an Lorg Comhshaoil Eagraíochta (OEFSRanna) a fhorbairt, lena bhfágtar go mbítear in ann táirgí a chur i gcomparáid le tagarmharc. Is féidir rialacha catagóra den sórt sin le haghaidh táirgí nó trádálaithe sonracha a úsáid chun tacú leis an mbunús a thugtar le maímh i gcomhréir le ceanglais na | (32) Tá treoraíocht sa Mholadh ón gCoimisiún (AE) 2021/2279 maidir leis an mbealach chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí nó eagraíochtaí sonracha a thomhas agus faoin mbealach chun Rialacha Catagóire maidir leis an Lorg Comhshaoil Táirge (PEFCRanna) agus Rialacha Earnála maidir leis an Lorg Comhshaoil Eagraíochta (OEFSRanna) a fhorbairt, lena bhfágtar go mbítear in ann táirgí a chur i gcomparáid le tagarmharc. Is féidir rialacha catagóire den sórt sin le haghaidh táirgí nó trádálaithe sonracha a úsáid chun tacú leis an mbunús a thugtar le maímh i gcomhréir le ceanglais na |

Treorach seo. ***Dá bhrí sin,*** ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun rialacha maidir le grúpa táirgí nó maidir le hearnáil shonrach a leagan síos i gcás ina bhféadfadh breisluach a bheith i gceist leis sin. Mar sin féin, i gcás inarb amhlaidh le modh an Loirg Comhshaoil Táirge nach gcumhdaítear catagóir thionchair fós, ar catagóir í atá ábhartha le haghaidh grúpa táirgí, ní fhéadfaidh PEFCR a ghlacadh ach amháin tar éis do na catagóirí ábhartha tionchar comhshaoil a bheith curtha leis an modh sin. Mar shampla, a mhéid a bhaineann le hiascaigh mhuirí, ba cheart do PEFCR na catagóirí tionchar comhshaoil a bhaineann le hiascaigh go sonrach a léiriú, go háirithe inbhuanaitheacht an stoic ar a ndírítear. Maidir leis an spás, ba cheart do PEFCR na catagóirí tionchar comhshaoil a bhaineann le cúrsaí cosanta agus an spás go sonrach a léiriú, lena n-áirítear an úsáid sa spás fithiseach. A mhéid a bhaineann le táirgí bia agus talmhaíochta, ba cheart an bhithéagsúlacht agus cosaint an dúlra, mar aon le cleachtais feirmeoireachta, lena n-áirítear seachtrachtaí dearfacha na feirmeoireachta forleithne agus leas na n-ainmhithe, a chomhtháthú freisin sula bhféadfaí glacadh PEFCR a bhreithniú. A mhéid a bhaineann le teicstílí, ba cheart do PEFCR scaoileadh na micreaphlaisteach a léiriú mar shampla, sula bhféadfaí glacadh PEFCR a bhreithniú.

Treorach seo. ***Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh trádálaithe na rialacha sin agus chun a áirithiú go ndéanfar comhchuibhiú níos fearr ar na modhanna a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil***, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun rialacha maidir le grúpa táirgí nó rialacha maidir le hearnáil shonrach a leagan síos i gcás ina bhféadfadh breisluach a bheith ag baint leis sin. Mar sin féin, i gcás inarb amhlaidh le modh an Loirg Comhshaoil Táirge nach gcumhdaítear catagóir thionchair fós, ar catagóir í atá ábhartha le haghaidh grúpa táirgí, ní fhéadfar PEFCR a ghlacadh ach amháin tar éis do na catagóirí ábhartha tionchar comhshaoil a bheith curtha leis an modh sin. Mar shampla, a mhéid a bhaineann le hiascaigh mhuirí, ba cheart do PEFCR na catagóirí tionchar comhshaoil a bhaineann le hiascaigh go sonrach a léiriú, go háirithe inbhuanaitheacht an stoic ar a ndírítear. Maidir leis an spás, ba cheart do PEFCR na catagóirí tionchar comhshaoil a bhaineann le cúrsaí cosanta agus an spás go sonrach a léiriú, lena n-áirítear an úsáid sa spás fithiseach. A mhéid a bhaineann le táirgí bia agus talmhaíochta, ba cheart, mar shampla, an bhithéagsúlacht agus cosaint an dúlra, mar aon le cleachtais feirmeoireachta, lena n-áirítear seachtrachtaí dearfacha na feirmeoireachta forleithne agus leas na n-ainmhithe, a chomhtháthú freisin sula bhféadfaí glacadh PEFCR a bhreithniú. A mhéid a bhaineann le teicstílí, ba cheart do PEFCR scaoileadh na micreaphlaisteach a léiriú mar shampla, sula bhféadfaí glacadh PEFCR a bhreithniú.

Or. en

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) I gcásanna ina mbeidh cumarsáid tráchtála chuig tomhaltóirí ag baint le lipéad comhshaoil, lena moltar nó lena dtugtar le tuiscint go bhfuil tionchar dearfach nó nach bhfuil tionchar ag táirge ar an gcomhshaol, nó gur lú dochair don chomhshaol a dhéanann sé ná mar a dhéanann táirgí atá san iomaíocht nach bhfuil an lipéad acu, ba cheart a mheas gur maíomh comhshaoil sainráite é an lipéad comhshaoil sin freisin. Bíonn ábhar an lipéid comhshaoil sin faoi réir na gceanglas maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl dá bhrí sin. | (40) I gcásanna ina mbeidh cumarsáid tráchtála chuig tomhaltóirí ag baint le lipéad comhshaoil, lena moltar nó lena dtugtar le tuiscint go bhfuil tionchar dearfach nó nach bhfuil tionchar ag táirge ar an gcomhshaol, nó gur lú dochar don chomhshaol a dhéanann sé ná mar a dhéanann táirgí atá san iomaíocht nach bhfuil an lipéad acu, ba cheart a mheas gur maíomh comhshaoil sainráite é an lipéad comhshaoil sin freisin. Bíonn ábhar an lipéid comhshaoil sin faoi réir na gceanglas maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl dá bhrí sin. ***Ba cheart don oibreoir eacnamaíoch atá i gceannas ar an scéim lipéadaithe comhshaoil a bheith freagrach as fíorú na gceanglas maidir le rialachas, bunús agus cumarsáid a chur i bhfeidhm.*** |

Or. en

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 40 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(40a) I gcás ina mbronntar lipéad comhshaoil ar thrádálaí nó ar tháirge an trádálaí trí scéim lipéadaithe comhshaoil atá fíoraithe agus deimhnithe, is féidir leis an trádálaí an lipéad comhshaoil fíoraithe a úsáid i gcumarsáid tráchtála atá bunaithe ar an deimhniú comhréireachta a fuarthas faoin scéim deimhniúcháin. Is féidir leis an trádálaí maímh chomhshaoil a dhéanamh freisin bunaithe ar ghnéithe*** |

| | |
|---|---|
| | ***comhshaoil, tionchair agus feidhmíocht táirgí atá deimhnithe ag an lipéad fíoraithe gan gá le fíorú breise a chur i bhfeidhm. Sa chás sin, ba cheart gurb í an fhaisnéis atá le taispeáint an fhaisnéis a bhaineann leis an scéim lipéadaithe comhshaoil, lena n-áirítear an deimhniú comhréireachta.*** |

Or. en

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 47 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(47a) Tá sé ríthábhachtach athbhreithniú rialta a dhéanamh ar scéimeanna lipéadaithe comhshaoil chun go gcuirfear feabhas leanúnach orthu a áirithiú. I gcomhréir leis an gcuspóir atá aige leibhéal na cosanta comhshaoil a mhéadú agus rannchuidiú le dlús a chur leis an aistriú glas i dtreo geilleagar ciorclach, glan agus neodrach ó thaobh na haeráide de san Aontas, áirithítear leis an Treoir seo go n-áiritheofar go gcuirfear feabhas leanúnach ar na scéimeanna lipéadaithe comhshaoil trí fhiorú agus deimhniú a dhéanamh ar an mbunús atá le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil agus iad a chur in iúl.*** |

Or. en

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 53**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (53) Chun coinníollacha | (53) Chun coinníollacha |

| | |
|---|---|
| aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis na forálacha i ndáil le maímh chomhshaoil shainráite agus scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a fhíorú agus chun forfheidhmiú na bhforálacha maidir le fíorú na Treorach seo a éascú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun foirm choiteann a ghlacadh le haghaidh deimhnithe comhréireachta agus na modhanna teicniúla chun deimhnithe den sórt sin a eisiúint. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[86]. | aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis na forálacha i ndáil le maímh chomhshaoil shainráite agus scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a fhíorú agus chun forfheidhmiú na bhforálacha maidir le fíorú na Treorach seo a éascú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun foirm choiteann a ghlacadh le haghaidh deimhnithe comhréireachta agus na modhanna teicniúla chun deimhnithe den sórt sin a eisiúint. ***Ba cheart go seachnófaí leis an bhfoirm choiteann sin an gá atá le deimhnithe comhréireachta a aistriú go teangacha oifigiúla eile de chuid institiúidí an Aontais, mar shampla trí ranna caighdeánacha uimhrithe a úsáid, rud a d'éascódh aitheantas na n-údarás inniúil san Aontas le haghaidh deimhnithe comhréireachta.*** Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[86]. |
| [86] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13). | [86] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13). |

Or. en

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 54**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (54) Ba cheart fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a bheith in ann tairbhe a bhaint as na deiseanna a | (54) Ba cheart fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a bheith in ann tairbhe a bhaint as na deiseanna a |

| | |
|---|---|
| chuireann an margadh ar fáil le haghaidh táirgí níos inbhuanaithe ach d'fhéadfadh costais agus deacrachtaí níos airde a bheith orthu de thoradh cuid de na ceanglais maidir le bunús a thabhairt agus fíorú i ndáil le maímh chomhshaoil shainráite. Ba cheart do na Ballstáit faisnéis leordhóthanach a sholáthar agus feasacht a mhúscailt maidir leis na bealaí chun ceanglais na Treorach seo a chomhlíonadh, oiliúint spriocdhírithe agus speisialaithe a áirithiú, agus cúnamh agus tacaíocht shonrach, lena n-áirítear cúnamh airgeadais, a chur ar fáil do FBManna ar mian leo maímh chomhshaoil shainráite a dhéanamh a mhéid a bhaineann lena dtáirgí nó lena ngníomhaíochtaí. Ba cheart ***gníomhaíochtaí*** na mBallstát ***a dhéanamh i leith na rialacha is infheidhme maidir leis an Státchabhair***. | chuireann an margadh ar fáil le haghaidh táirgí níos inbhuanaithe ach d'fhéadfadh costais agus deacrachtaí níos airde ar bhonn comhréireach a bheith orthu de thoradh cuid de na ceanglais maidir le bunús a thabhairt agus fíorú a dhéanamh i ndáil le maímh chomhshaoil shainráite. Ba cheart do na Ballstáit ***agus don Choimisiún, ina gcuid réimsí freagrachta faoi seach,*** faisnéis leormhaith a sholáthar agus feasacht a mhúscailt maidir leis na bealaí chun ceanglais na Treorach seo a chomhlíonadh, oiliúint spriocdhírithe agus speisialaithe a áirithiú, agus cúnamh agus tacaíocht shonrach, lena n-áirítear cúnamh airgeadais, a chur ar fáil do FBManna ar mian leo maímh chomhshaoil shainráite a dhéanamh a mhéid a bhaineann lena dtáirgí nó lena ngníomhaíochtaí. Ba cheart do na Ballstáit ***uirlis a fhorbairt lena n-éascófar bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite. Ba cheart don uirlis sin, mar shampla, lorg comhshaoil táirge a ríomh.*** |

Or. en

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 67**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (67) I gcás ina measann an Coimisiún, bunaithe ar thorthaí an fhaireacháin agus na meastóireachta ar an Treoir seo, gurb iomchuí athbhreithniú ar an Treoir seo a mholadh, ba cheart breithniú freisin ar indéantacht agus oiriúnacht forálacha breise maidir le sainordú a thabhairt i dtaca le húsáid modha choitinn chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, ***ar leathnú an toirmisc ar mhaímh chomhshaoil i gcás táirgí ina bhfuil substaintí guaiseacha ach amháin i gcás ina meastar go bhfuil a n-úsáid riachtanach don tsochaí***, nó ar | (67) I gcás ina measann an Coimisiún, bunaithe ar thorthaí an fhaireacháin agus na meastóireachta ar an Treoir seo, gurb iomchuí athbhreithniú ar an Treoir seo a mholadh, ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar indéantacht agus oiriúnacht forálacha breise maidir le sainordú a thabhairt i dtaca le húsáid modha choitinn chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, nó ar chomhchuibhiú breise maidir le ceanglais i ndáil le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shonracha i dtaca le gnéithe |

| | |
|---|---|
| chomhchuibhiú breise maidir le ceanglais i ndáil le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shonracha i dtaca le gnéithe comhshaoil nó tionchair chomhshaoil. | comhshaoil nó tionchair chomhshaoil. |

Or. en

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1– mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le maímh chomhshaoil shainráite a dhéanann trádálaithe faoi tháirgí nó trádálaithe i gcleachtais tráchtála gnólacht le tomhaltóir. | 1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le maímh chomhshaoil shainráite a dhéanann trádálaithe faoi tháirgí nó trádálaithe i gcleachtais tráchtála gnólacht le tomhaltóir. ***Níl feidhm aige maidir le maímh chomhshaoil a dhéantar i gcleachtais tráchtála gnólacht le gnólacht.*** |

Or. en

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Níl feidhm ag an Treoir seo maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil ***ná*** maidir le maímh chomhshaoil shainráite a rialaítear nó a dtugtar bunús leo le rialacha a leagtar síos i: | 2. Níl feidhm ag an Treoir seo maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil**,** maidir le maímh chomhshaoil shainráite a rialaítear nó a dtugtar bunús leo ***agus arna bhfíorú ag*** rialacha a leagtar síos i: |

Or. en

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe o a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(oa) Rialachán (AE) Uimh. 1007/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hainmneacha snáithíní teicstíle agus maidir le lipéadú gaolmhar agus marcáil ghaolmhar táirgí teicstíle i leith a gcomhdhéanaimh shnáithínigh;*** |

Or. en

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) ciallaíonn 'lipéad comhshaoil' lipéad inbhuanaitheachta lena gcumhdaítear gnéithe comhshaoil de tháirge, próiseas nó trádálaí a bhaineann leis an gcomhshaol ***amháin nó*** leis an gcomhshaol ***den chuid is mó***; | (8) ciallaíonn 'lipéad comhshaoil' lipéad inbhuanaitheachta lena gcumhdaítear gné ***amhain nó níos mó*** gnéithe comhshaoil de tháirge, próiseas nó trádálaí; |

Or. en

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) ciallaíonn 'slabhra luacha' gach gníomhaíocht agus próiseas atá mar chuid de shaolré táirge nó de ghníomhaíocht trádálaí, lena n-áirítear athmhonaraíocht; | (12) ciallaíonn 'slabhra luacha' gach gníomhaíocht agus próiseas atá mar chuid de shaolré táirge nó de ghníomhaíocht trádálaí, lena n-áirítear athmhonaraíocht ***agus athchúrsáil***; |

Or. en

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) ciallaíonn 'faisnéis phríomha' faisnéis a thomhaiseann nó a bhailíonn an trádálaí go díreach ó shaoráid amháin nó níos mó ***atá ionadaíoch ar*** ghníomhaíochtaí an trádálaí; | (14) ciallaíonn 'faisnéis phríomha' faisnéis a thomhaiseann nó a bhailíonn an trádálaí go díreach ó shaoráid amháin nó níos mó, ***atá bainteach go díreach le maímh chomhshaoil a eascraíonn as*** gníomhaíochtaí an trádálaí; |

Or. en

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) ciallaíonn 'faisnéis thánaisteach' faisnéis atá bunaithe ar fhoinsí eile seachas faisnéis phríomhúil lena n-áirítear staidéir litríochta, staidéir innealtóireachta agus paitinní. | (15) ciallaíonn 'faisnéis thánaisteach' faisnéis atá bunaithe ar fhoinsí eile seachas faisnéis phríomhúil lena n-áirítear staidéir litríochta ***piarmheasúnaithe***, staidéir innealtóireachta agus paitinní. |

Or. en

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19a) ciallaíonn 'scéim lipéadaithe comhshaoil' scéim deimhniúcháin lena ndeimhnítear go gcomhlíonann táirge, próiseas nó trádálaí na ceanglais maidir*** |

| | |
|---|---|
| | ***le lipéad comhshaoil.*** |

Or. en

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) sainaithneofar an ndéanfar dochar ***suntasach*** do thionchair chomhshaoil maidir le hathrú aeráide, do thomhaltas acmhainní agus ciorclaíocht, d'úsáid inbhuanaithe agus do chosaint uisce agus acmhainní muirí, don truailliú, don bhithéagsúlacht, do leas ainmhithe agus d'éiceachórais mar thoradh ar fheabhas a chur ar thionchair chomhshaoil, ar ghnéithe comhshaoil nó ar fheidhmíocht chomhshaoil atá faoi réir an mhaímh; | (g) sainaithneofar an ndéanfar dochar do thionchair chomhshaoil maidir le hathrú aeráide, do thomhaltas acmhainní agus ciorclaíocht, d'úsáid inbhuanaithe agus do chosaint uisce agus acmhainní muirí, don truailliú, don bhithéagsúlacht, do leas ainmhithe agus d'éiceachórais mar thoradh ar fheabhas a chur ar thionchair chomhshaoil, ar ghnéithe comhshaoil nó ar fheidhmíocht chomhshaoil atá faoi réir an mhaímh; |

Or. en

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) áireofar faisnéis thánaisteach ***ábhartha*** maidir le tionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil, nó feidhmíocht chomhshaoil atá ionadaíoch ar shlabhra luacha sonrach an táirge nó an trádálaí a ndéantar maíomh ina leith, i gcásanna nach bhfuil aon fhaisnéis phríomhúil ar fáil. | (j) áireofar faisnéis thánaisteach ***fhorlíontach*** maidir le tionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil, nó feidhmíocht chomhshaoil atá ionadaíoch ar shlabhra luacha sonrach an táirge nó an trádálaí a ndéantar maíomh ina leith, i gcásanna nach bhfuil aon fhaisnéis phríomhúil ar fáil. |

Or. en

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tráth a nochtar leis an bhfaireachán tráthrialta ar éabhlóid na maíomh comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 20 go bhfuil difríochtaí maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar síos i mír 1 i ndáil le maímh shonracha agus ***go gcruthaíonn*** difríochtaí den sórt sin ***bacainní ar*** fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, nó i gcás ina n-aithníonn an Coimisiún go gcuirtear tomhaltóirí ar míthreoir go forleathan mar gheall ar easpa ceanglas maidir le maímh shonracha, ***féadfaidh*** an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 chun na ceanglais maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite a leagtar síos i mír 1 a fhorlíonadh tríd an méid seo a leanas: | 4. Tráth a nochtar leis an bhfaireachán tráthrialta ar éabhlóid na maíomh comhshaoil ***sainráite*** dá dtagraítear in Airteagal 20 go bhfuil difríochtaí maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar síos i mír 1 i ndáil le maímh shonracha agus ***go mbíonn drochthionchar ag*** difríochtaí den sórt sin ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, nó i gcás ina n-aithníonn an Coimisiún go gcuirtear tomhaltóirí ar míthreoir go forleathan mar gheall ar easpa ceanglas maidir le maímh shonracha, ***déanfaidh*** an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 chun na ceanglais maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite a leagtar síos i mír 1 a fhorlíonadh tríd an méid seo a leanas: |

Or. en

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Faoin ... [3 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], sainaithneoidh an Coimisiún na maímh chomhshaoil shainráite is coitianta a dhéantar ar mhargadh an Aontais agus foilseoidh sé liosta na maíomh a bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún a fhorlíonadh leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 4. Tabharfar an liosta sin cothrom le dáta gach 3 bliana.*** |

Or. en

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go gceanglófar ar thrádálaí maíomh comhshaoil sainráite a chur in iúl i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go gceanglófar ar thrádálaí, ***lena n-áirítear margaí ar líne***, maíomh comhshaoil sainráite a chur in iúl i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo. |

Or. en

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás ina bhfuil baint ag an maíomh comhshaoil sainráite le feidhmíocht chomhshaoil ***táirge nó*** trádálaí a bheidh ann amach anseo, áireofar ann gealltanas faoi cheangal ama maidir le feabhsuithe laistigh d'oibríochtaí féin agus de shlabhraí luacha. | 4. I gcás ina bhfuil baint ag an maíomh comhshaoil sainráite le feidhmíocht chomhshaoil táirge nó trádálaí a bheidh ann amach anseo, áireofar ann gealltanas faoi cheangal ama maidir le feabhsuithe laistigh d'oibríochtaí féin agus de shlabhraí luacha, ***lena n-áirítear plean cur chun feidhme ina bhfuil spriocanna eatramhacha nithiúla infhíoraithe, plean faireacháin agus plean tuairiscithe***. |

Or. en

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Toirmiscfear maímh chomhshaoil shainráite i gcás táirgí ina bhfuil substaintí nó ullmhóidí/meascáin a chomhlíonann na critéir maidir lena n-aicmiú mar thocsaineach, atá guaiseach don chomhshaol, carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh (CMR), rud is cúis le suaitheadh inchríneach ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol, airíonna marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha (PBT), airíonna an-mharthanach, an-bhithcharnach (vPvB), airíonna marthanacha, soghluaiste agus tocsaineacha (PMT), nó airíonna an-mharthanach agus an-soghluaiste (vPvM) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, ná le hearraí ina bhfuil substaintí dá dtagraítear in Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, ach amháin nuair a mheastar go bhfuil a n-úsáid riachtanach don tsochaí.*** |

Or. en

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 6 – fomhír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) na bunstaidéir nó na bunríomhanna a úsáideadh chun measúnú, tomhas agus faireachán a dhéanamh ar na tionchair | (c) na bunstaidéir, ***lena n-áirítear an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 3,*** nó na bunríomhanna a úsáidtear chun |

| | |
|---|---|
| chomhshaoil, ar na gnéithe comhshaoil nó ar an bhfeidhmíocht chomhshaoil a chumhdaítear leis an maíomh, gan torthaí na staidéar nó na ríomhanna sin a fhágáil ar lár agus gan mínithe ar a raon feidhme, a dtoimhdí agus a dteorainneacha a fhágáil ar lár, ach amháin más rún ceirde í an fhaisnéis i gcomhréir le hAirteagal 2 mír 1 de Threoir (AE) 2016/943*[112]*;<br><br>______________<br>[112] Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint faisnéise gan nochtadh agus faisnéis ghnó (rúin trádála) ar a n-éadáil, a n-úsáid agus a nochtadh neamhdhleathach (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1). | measúnú, tomhas agus faireachán a dhéanamh ar na tionchair chomhshaoil, ar na gnéithe comhshaoil nó ar an bhfeidhmíocht chomhshaoil a chumhdaítear leis an maíomh, gan torthaí na staidéar nó na ríomhanna sin a fhágáil ar lár agus gan mínithe ar a raon feidhme, a dtoimhdí agus a dteorainneacha a fhágáil ar lár, ach amháin más rún ceirde í an fhaisnéis i gcomhréir le hAirteagal 2, mír 1 de Threoir (AE) 2016/943;<br><br>______________<br>[112] Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint faisnéise gan nochtadh agus faisnéis ghnó (rúin trádála) ar a n-éadáil, a n-úsáid agus a nochtadh neamhdhleathach (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1). |

Or. en

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 6 – fomhír 2 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) tuairisc ar an gcineál córais faireacháin agus meastóireachta atá i bhfeidhm ag an scéim lipéadaithe comhshaoil chun a áirithiú go ndéanfar measúnuithe rialta ar fheidhmíocht agus ar thionchair.*** |

Or. en

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***1. Is éard atá i gceist le scéim lipéadaithe comhshaoil scéim deimhniúcháin lena ndeimhnítear go gcomhlíonann táirge, próiseas nó trádálaí na ceanglais maidir le lipéad comhshaoil.*** | ***scriosta*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Arna dtionscnamh faoi Airteagal 2 'Sainmhínithe'*

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) is saineolaithe a d'fhorbair na ceanglais maidir leis an scéim lipéadaithe comhshaoil ar féidir leo stóinseacht eolaíoch na gceanglas sin a áirithiú agus cuireadh faoi bhráid ***grúpa ilchineálach*** geallsealbhóirí le haghaidh comhairliúcháin, ar grúpa é ***a rinne*** athbhreithniú orthu agus a d'áirithigh go raibh siad ábhartha ó thaobh na sochaí de; | (d) is saineolaithe a d'fhorbair na ceanglais maidir leis an scéim lipéadaithe comhshaoil ar féidir leo stóinseacht eolaíoch na gceanglas sin a áirithiú agus cuireadh faoi bhráid na ngeallsealbhóirí iad le haghaidh comhairliúcháin, ar geallsealbhóirí iad ***a chuireann an scéim lipéadaithe i bhfeidhm nó a bhfuil tionchar ag an scéim lipéadaithe orthu nó cuireadh faoi bhráid ionadaithe na ngeallsealbhóirí iad*** a rinne athbhreithniú orthu agus a d'áirithigh go raibh siad ábhartha ó thaobh na sochaí de; |

Or. en

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) leagtar amach sa scéim lipéadaithe | (f) leagtar amach sa scéim lipéadaithe |

| | |
|---|---|
| comhshaoil nósanna imeachta chun déileáil le neamhchomhlíonadh agus déantar foráil léi maidir leis an lipéad comhshaoil a tharraingt siar nó a chur ar fionraí i gcás neamhchomhlíonadh marthanach agus neamhnáireach cheanglais na scéime. | comhshaoil nósanna imeachta ***trédhearcacha*** chun déileáil le neamhchomhlíonadh agus déantar foráil léi maidir leis an lipéad comhshaoil a tharraingt siar nó a chur ar fionraí i gcás neamhchomhlíonadh marthanach agus neamhnáireach cheanglais na scéime. |

Or. en

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) déanann an scéim lipéadaithe comhshaoil athbhreithniú rialta ar a cuspóirí, ar a straitéisí, agus ar fheidhmíocht a huirlisí agus a córais, bunaithe ar dhea-chleachtais, ar shonraí eolaíocha agus ar fhianaise is déanaí.*** |

Or. en

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ó [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta thrasuí na Treorach seo] ní bhunóidh údaráis phoiblí na mBallstát aon scéim lipéadaithe comhshaoil nua ar bhonn náisiúnta nó réigiúnach. Mar sin féin, le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil náisiúnta nó réigiúnacha a bunaíodh roimh an dáta sin, féadfar leanúint de na lipéid chomhshaoil a dhámhachtain ar mhargadh an Aontais, ar choinníoll go gcomhlíonfar ceanglais na Treorach seo leo.*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ón dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ní fhéadfar scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a bhunú ach amháin faoi dhlí an Aontais.*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit, maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna mbunú ag oibreoirí príobháideacha tar éis [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta thrasuí na Treorach seo], nach bhformheasfar iad ach amháin más rud é go soláthrófar breisluach leis na scéimeanna sin i dtéarmaí a n-uaillmhéine comhshaoil, lena n-áirítear go háirithe fairsinge a gcumhdaigh ar thionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil, nó ar ghrúpa nó earnáil táirgí áirithe agus a gcumas tacú le haistriú glas FBManna, i gcomparáid le scéimeanna de chuid an Aontais, nó na scéimeanna náisiúnta nó réigiúnacha atá ann cheana dá dtagraítear i mír 3, agus más rud é go gcomhlíonfar ceanglais na Treorach seo leis na scéimeanna sin. | Áiritheoidh na Ballstáit, maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna mbunú ag oibreoirí príobháideacha tar éis [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta thrasuí na Treorach seo], nach bhformheasfar iad ach amháin más rud é go soláthrófar breisluach leis na scéimeanna sin i dtéarmaí a n-uaillmhéine comhshaoil, lena n-áirítear go háirithe fairsinge a gcumhdaigh ar thionchair chomhshaoil, gnéithe comhshaoil nó feidhmíocht chomhshaoil, nó ar ghrúpa nó earnáil táirgí áirithe agus a gcumas tacú le haistriú glas FBManna, i gcomparáid le scéimeanna de chuid an Aontais, nó na scéimeanna náisiúnta nó réigiúnacha atá ann cheana dá dtagraítear i mír 3, agus más rud é go gcomhlíonfar ceanglais na Treorach seo leis na scéimeanna sin. ***Le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna mbunú ag oibreoirí príobháideacha roimh an dáta sin, féadfar leanúint de na lipéid*** |

***chomhshaoil a dhámhachtain, ar lipéid iad a úsáidfear ar mhargadh an Aontais, ar choinníoll go gcomhlíonfar ceanglais na Treorach seo leo.***

Or. en

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 6 – fomhír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) tuairisc mhionsonraithe ar an gcaoi a gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo;*** |

Or. en

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 6 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfear na doiciméid dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin i gcás scéimeanna dá dtagraítear i mír 4 nó faoi bhráid údaráis na mBallstát i gcás scéimeanna dá dtagraítear i mír 5, mar aon leis an deimhniú comhréireachta le haghaidh scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna dtarraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 10. | ***Déanfar*** na doiciméid dá dtagraítear sa chéad fhomhír ***a chur ar fáil go poiblí agus*** cuirfear iad faoi bhráid an Choimisiúin i gcás scéimeanna dá dtagraítear i mír 4 nó faoi bhráid údaráis na mBallstát i gcás scéimeanna dá dtagraítear i mír 5, mar aon leis an deimhniú comhréireachta le haghaidh scéimeanna lipéadaithe comhshaoil arna dtarraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 10. |

Or. en

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Foilseoidh an Coimisiún liosta ***de lipéid*** chomhshaoil ***a aithnítear go hoifigiúil*** agus coimeádfaidh sé an liosta sin cothrom le dáta, ar lipéid iad a cheadaítear lena n-úsáid ar mhargadh an Aontais tar éis [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta thrasuí na Treorach seo] de bhun mhíreanna ***3,*** 4 agus 5. | 7. Déanfaidh an Coimisiún liosta de ***scéimeanna lipéadaithe*** comhshaoil ***a chomhlíonann an Treoir seo a*** fhoilsiú agus a choimeád cothrom le dáta agus go gceadófar iad a úsáid ar mhargadh an Aontais tar éis [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta thrasuí na Treorach seo] de bhun mhíreanna 4 agus 5. |

Or. en

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 8 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach ar fud an Aontais a áirithiú, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun an méid seo a leanas a dhéanamh: | Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach san Aontas a áirithiú, déanfaidh an Coimisiún, ***faoin ... [12 mí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo],*** gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh: |

Or. en

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Bunóidh na Ballstáit nósanna imeachta chun bunús agus cur in iúl na maíomh comhshaoil sainráite a fhíorú in | 1. Déanfaidh na Ballstáit nósanna imeachta a chur ar bun chun bunús agus cur in iúl na maíomh comhshaoil sainráite |

| | |
|---|---|
| aghaidh na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 3 go 7. | a fhíorú in aghaidh na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 3 go 7. ***Fíoróidh an Coimisiún na nósanna imeachta sin chun comhchuibhiú a ráthú i margadh an Aontais.*** |

Or. en

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Bunóidh na Ballstáit nósanna imeachta chun comhlíontacht na scéimeanna lipéadaithe comhshaoil leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8 a fhíorú. | 2. Déanfaidh na Ballstáit nósanna imeachta a chur ar bun chun comhlíontacht na scéimeanna lipéadaithe comhshaoil leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8 a fhíorú. ***Fíoróidh an Coimisiún na nósanna imeachta sin chun comhchuibhiú a ráthú i margadh an Aontais.*** |

Or. en

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Agus na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 á gcur ar bun acu, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh costas fíorúcháin agus deimhniúcháin comhréireach le castacht bhunús an mhaímh, agus le méid agus láimhdeachas na dtrádálaithe a iarrann fíorúchán agus deimhniúchán agus aird ar leith á tabhairt ar mhicrifhiontair, ar fhiontair bheaga agus ar fhiontair mheánmhéide.*** |

Or. en

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais fíorúcháin maidir le trádálaithe a bhfuil lipéad comhshaoil ar taispeáint acu a fhíoraítear i gcomhréir leis an Airteagal seo agus a dhéanann maímh chomhshaoil maidir le gnéithe comhshaoil, tionchair agus feidhmíocht chomhshaoil a dheimhnítear leis an lipéad sin.***<br>***Is í an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 5(6) an fhaisnéis a bhaineann leis an scéim lipéadaithe comhshaoil.*** |

Or. en

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Is fíoraitheoir a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11 a dhéanfaidh an fíorú, i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, sula gcuirfear an maíomh comhshaoil ar fáil go poiblí nó sula dtaispeánann trádálaí an lipéad comhshaoil. | 4. Is fíoraitheoir a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11 a dhéanfaidh an fíorú, i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, sula gcuirfear an maíomh comhshaoil ar fáil go poiblí nó sula dtaispeánann trádálaí an lipéad comhshaoil. ***Cuirfidh fíoraitheoirí meastachán ar fáil don trádálaí maidir le tréimhse an nós imeachta fíorúcháin ar an dáta nuair a chuirfear an iarraidh ar fhíorú agus ar dheimhniú faoina mbráid.*** |

Or. en

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun mionsonraí a leagan amach maidir le foirm an deimhnithe comhréireachta dá dtagraítear i mír 5 agus maidir leis na modhanna teicniúla chun an deimhniú comhréireachta sin a eisiúint. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19. | 9. ***Faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo],*** glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun mionsonraí a leagan amach maidir le foirm an deimhnithe comhréireachta dá dtagraítear i mír 5 agus maidir leis na modhanna teicniúla chun an deimhniú comhréireachta sin a eisiúint. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19. |

Or. en

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9a. Féadfaidh na Ballstáit tosaíocht a thabhairt d'fhíorú ar na maímh chomhshaoil atá ann cheana roimh theacht i bhfeidhm na Treorach seo. Féadfaidh na Ballstáit idirthréimhse a thabhairt isteach inar féidir maímh chomhshaoil atá ann cheana, a cuireadh isteach lena bhfíorú, a úsáid fós.*** |

Or. en

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 3 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) beidh líon leordhóthanach fostaithe ag an bhfíoraitheoir a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus an taithí chuí acu chun na cúraimí fíoraithe a dhéanamh; | (e) beidh líon leordhóthanach fostaithe ag an bhfíoraitheoir a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus an taithí chuí acu chun na cúraimí fíoraithe a dhéanamh ***a bhfuil eolas acu faoi mheasúnaithe saolré***; |

Or. en

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun cuidiú le fiontair bheaga agus mheánmhéide na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo a chur i bhfeidhm. Áireofar treoirlínte ***nó sásraí comhchosúla*** sna bearta sin ar a laghad ***chun feasacht a mhúscailt ar bhealaí*** chun na ceanglais maidir le maímh chomhshaoil shainráite a chomhlíonadh. ***Ina theannta sin***, gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le státchabhair, ***d'fhéadfaí*** na nithe seo a leanas a áireamh ar na bearta sin: | Déanfaidh na Ballstáit, ***i gcomhar leis an gCoimisiún,*** bearta iomchuí chun cuidiú le ***micrifhiontair***, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide ***chun*** na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo a chur i bhfeidhm. Áireofar treoirlínte ***le samplaí agus nósanna imeachta sonracha*** sna bearta sin ar a laghad chun na ceanglais maidir le maímh chomhshaoil shainráite a chomhlíonadh. ***Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar treoirlínte a fhorbairt ar leibhéal an Aontais.*** Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le státchabhair, ***áireofar*** leis na bearta sin ***ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas***: |

Or. en

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) cúnamh oibríochtúil agus teicniúil. | (d) cúnamh oibríochtúil agus teicniúil |

| | |
|---|---|
| | ***saincheaptha***. |

Or. en

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcomhthéacs chláir an Aontais ar féidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide tairbhe a bhaint astu, déanfaidh an Coimisiún tionscnaimh a chur san áireamh agus a chur chun cinn lenar féidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo a chomhlíonadh.*** |

Or. en

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad sna cumhachtaí a thugtar d’údaráis inniúla faoi mhír 1: | 2. Áireofar an méid seo a leanas sna cumhachtaí a thugtar d’údaráis inniúla faoi mhír 1: |

Or. en

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Daoine nádúrtha nó dlítheanacha nó eagraíochtaí a mheastar go bhfuil leas ***dlisteanach*** acu faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, beidh siad i dteideal gearáin a bhfuil bunús leo a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil i gcás ina measfaidh siad, ar bhonn imthosca oibiachtúla, nach bhfuil trádálaí ag comhlíonadh fhorálacha na Treorach seo. | 1. Daoine nádúrtha nó dlítheanacha nó eagraíochtaí a mheastar go bhfuil leas ***leordhóthanach*** acu faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, beidh siad i dteideal gearáin a bhfuil bunús leo a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil i gcás ina measfaidh siad, ar bhonn imthosca oibiachtúla, nach bhfuil trádálaí ag comhlíonadh fhorálacha na Treorach seo. |

Or. en

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 18a*** |
| | ***Fóram comhairliúcháin*** |
| | ***Áiritheoidh an Coimisiún, agus é i mbun a ghníomhaíochtaí, go mbeidh cothromaíocht ann i dtaobh rannpháirteachas ionadaithe na mBallstát agus gach páirtí leasmhar ábhartha a bhfuil baint acu le reachtaíocht thánaisteach a fhorbairt maidir le maímh chomhshaoil shainráite, amhail lucht tionscail, lena n-áirítear FBManna agus lucht tionscail cheirde, ceardchumainn, trádálaithe, miondíoltóirí, allmhaireoirí, grúpaí cosanta an chomhshaoil agus eagraíochtaí tomhaltóirí. Cuirfidh na páirtithe sin, go háirithe, leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 4 d'Airteagal 3 a ullmhú.*** |

Or. en

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 20 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***forbhreathnú*** ar na cineálacha maíomh comhshaoil sainráite agus scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a bhí faoi réir gearáin a raibh bunús leo i gcomhréir le hAirteagal 16; | (a) ***tuairisc*** ar na cineálacha maíomh comhshaoil sainráite agus scéimeanna lipéadaithe comhshaoil a bhí faoi réir gearáin a raibh bunús leo i gcomhréir le hAirteagal 16; |

Or. en

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 20 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***forbhreathnú*** ar na maímh chomhshaoil shainráite agus ar na scéimeanna lipéadaithe comhshaoil ar cheangail údaráis inniúla ar an trádálaí bearta ceartaitheacha a dhéanamh ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 15, nó ar ghearr siad pionóis ina leith i gcomhréir le hAirteagal 17. | (b) ***tuairisc*** ar na maímh chomhshaoil shainráite agus ar na scéimeanna lipéadaithe comhshaoil ar cheangail údaráis inniúla ar an trádálaí bearta ceartaitheacha a dhéanamh ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 15, nó ar ghearr siad pionóis ina leith i gcomhréir le hAirteagal 17. |

Or. en

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 20 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Comhoibreoidh na húdaráis inniúla náisiúnta go gníomhach agus malartóidh siad dea-chleachtais maidir le cur chun feidhme na Treorach seo ar bhonn rialta.*** |

Or. en

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 21 – mír 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) cosaint tomhaltóirí agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a neartú tuilleadh trí bhreithniú a dhéanamh ar na ceanglais maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite a leathnú chuig micrifhiontair.*** |

Or. en

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 21 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) an t-aistriú i dtreo comhshaol saor ó thocsainí a éascú trí bhreithniú ar thoirmeasc a thabhairt isteach ar mhaímh chomhshaoil maidir le táirgí ina bhfuil substaintí guaiseacha, ach amháin i gcás ina meastar gur fíor-riachtanach a n-úsáid don tsochaí i gcomhréir leis na critéir a bheidh le forbairt ag an gCoimisiún;*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 21 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Mar chuid den mheastóireacht dá dtagraítear i mír 1, agus chun cothrom na Féinne a áirithiú i measc trádálaithe, déanfaidh an Coimisiún measúnú tionchair ar na bearta arna mbunú do mhicrifhiontair in Airteagail 4, 5, 10 agus 12, agus déanfar a n-athbhreithniú a mheas tar éis an Treoir seo a chur chun feidhme.*** |

Or. en

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

I mí an Mhárta 2023, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Treoir maidir le Maímh Ghlasa chun a áirithiú go bhfaighidh tomhaltóirí faisnéis chomhshaoil atá iontaofa, inchomparáide agus infhíoraithe i ndáil le táirgí. Léiríodh i staidéar[1] a rinne an Coimisiún Eorpach in 2020 go dtugann os cionn leath de na maímh chomhshaoil sa mhargadh inmheánach faisnéis dhoiléir, mhíthreorach nó gan bhunús toisc nach raibh bunús le 40 % de na maímh den sórt sin. Tá easpa muiníne ag tomhaltóirí na hEorpa mar thoradh ar iomadú na maíomh sin le leibhéil éagsúla trédhearcachta agus creidiúnachta, ar gá aghaidh a thabhairt air. Dá bhrí sin, molann na Comhrapóirtéirí spiorad foriomlán agus aidhmeanna foriomlána an togra seo, a fhéachann le critéir choiteanna a leagan síos i gcoinne an ghlas-snasaithe agus maímh chomhshaoil mhíthreoracha agus chun borradh a chur faoi iomaíochas gnólachtaí, atá ag iarraidh inbhuanaitheacht chomhshaoil a dtáirgí agus a ngníomhaíochtaí a mhéadú. Leis an gcomhchuibhiú sin, neartófar an margadh inmheánach le haghaidh táirgí níos inbhuanaithe a rachaidh chun tairbhe dár dtomhaltóirí agus dár ngnólachtaí araon.

Molann na Comhrapóirtéirí bearta éagsúla chun an togra ón gCoimisiún a neartú. Ba iad príomhthosaíochtaí a bhí ag na Comhrapóirtéirí ná a áirithiú go bhfuil na bearta agus na sásraí, a chuirtear ar aghaidh leis an togra ón gCoimisiún i ndáil le maímh chomhshaoil agus iad a chur in iúl, bunús a thabhairt leo agus iad a fhíorú, láidir agus slán i bhfad na haimsire agus go gcuireann siad cinnteachtaí leordhmhaithe do thomhaltóirí agus an intuarthacht is gá do chuideachtaí atá ag feidhmiú ar an margadh inmheánach ar fáil. Ag an am céanna, tá sé tábhachtach go n-áireofaí sa togra seo bearta chun tacú le FBManna na ceanglais nua a chomhlíonadh agus maímh ghlasa dheonacha á ndéanamh acu.

Chun a áirithiú go bhfuil na córais atá i bhfeidhm láidir agus slán i bhfad na haimsire, molann na Comhrapóirtéirí bearta chun a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú rialta ar scéimeanna lipéadaithe comhshaoil chun go bhféadfar feabhas leanúnach a chur orthu. Chuir siad bearta san áireamh freisin chun a áirithiú go mbeidh an measúnú chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite ag brath ar fhaisnéis iontaofa agus nach féidir faisnéis thánaisteach a úsáid ach mar fhorlíonadh ar fhaisnéis phríomhúil. D’fhéach na Comhrapóirtéirí freisin lena áirithiú go dtacófar le haon mhaíomh comhshaoil sainráite a bhaineann le feidhmíocht trádálaí amach anseo trí bhearta breise maidir le cur chun feidhme, d’fhonn tomhaltóirí a chosaint ar mhaímh gan bhunús agus chun faisnéis leormhaith a áirithiú do thomhaltóirí ionas go mbeidh siad in ann cinneadh a dhéanamh an gcuirfidh siad muinín i maíomh den sórt sin nó nach gcuirfidh.

Maidir le reachtaíocht thánaisteach a bhaineann le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite, cuireann na Comhrapóirtéirí bearta san áireamh, lena bhforáiltear do rannpháirtíocht chothrom na bpáirtithe leasmhara in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe. Chun bearta láidre a áirithiú, lena ndéantar an glas-snasú a chomhrac agus lena n-áirithítear cosaint leormhaith do thomhaltóirí, rinne na Comhrapóirtéirí deimhin de go gcumhdaíonn an Treoir gach cineál maíomh comhshaoil, lena n-áirítear aon lipéid inbhuanaitheachta, lena gcumhdaítear gnéithe comhshaoil.

[1] Maímh chomhshaoil san Aontas Eorpach: Tuarascáil Chríochnaitheach an Fhardail agus an mheasúnaithe iontaofachta, An Coimisiún Eorpach, 2020. Ar fáil ag https://ec.europa.eu/environment/eussd/smgp/pdf/2020_Greenclaims_inventory.zi

D’fhonn an intuarthacht is gá a áirithiú do thrádálaithe agus d’fhíoraitheoirí, rinne na Comhrapóirtéirí iarracht soiléiriú a thabhairt maidir leis an gcineál fianaise eolaíche is féidir a úsáid don mheasúnú chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil chun a aicmiú cad is fianaise eolaíoch arna haithint go forleathan. Chuir siad tuilleadh soiléireachta ar fáil freisin maidir le scéimeanna lipéadaithe comhshaoil atá ann cheana arna mbunú ag oibreoirí príobháideacha agus lenar féidir leanúint de scéimeanna lipéadaithe comhshaoil atá ann cheana a úsáid i margadh an Aontais, ar choinníoll go gcomhlíonann siad ceanglais na Treorach.

Creideann na Comhrapóirtéirí gur gá don chreat a bheith oscailte don nuálaíocht amach anseo agus, dá bhrí sin, scrios siad an toirmeasc atá beartaithe ar scéimeanna nua lipéadaithe comhshaoil a d’fhéadfadh na Ballstáit nó a réigiúin a bhunú.

Thug na Comhrapóirtéirí bearta isteach freisin a neartaíonn na ceanglais trédhearcachta do thomhaltóirí chun rochtain níos fearr a bheith acu ar fhaisnéis a úsáidtear chun bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite. Chun go n-áirithítear sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint, tugann siad isteach toirmeasc ar mhaímh chomhshaoil shainráite maidir le táirgí ina bhfuil substaintí guaiseacha áirithe ach amháin nuair a mheastar go bhfuil a n-úsáid bunriachtanach don tsochaí.

Aithníonn na Comhrapóirtéirí an comhaontú polaitiúil le Comhairle an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an treoir nua maidir le Cumhachtú Tomhaltóirí don Aistriú Glas agus leis an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha. I bhfianaise na n-idirnasc sna comhaid sin agus na Maímh Ghlasa a mhéid a bhaineann le maímh atá bunaithe ar fhritháireamh carbóin, chinn na Comhrapóirtéirí go bhfuil gá le tuilleadh ama chun teacht ar chomhsheasamh, i gcomhairle le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin. Dá bhrí sin, tabharfar aghaidh air sin ag céim níos déanaí.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Is ar bhonn deonach a cuireadh an liosta a leanas le chéile, faoi fhreagracht an rapóirtéara amháin. Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í:

| Eintiteas nó daoine |
|---|
| Organics Europe |
| Rainforest Alliance |
| Confederation of European Paper Industries (CEPI) |
| European Brands Association |
| Roundtable on Responsible Soy Association |
| APPLIA |
| Carbon Gap |
| Independent Retail Europe |
| Cosmetics Europe |
| German Food Retail Association |
| REWE Group |
| Plastics Recyclers Europe |
| Lubrizol |
| Mars |
| European Chemical Industry Council |
| ISEAL |
| Siemens |
| HOTREC |
| Food Drink Europe |
| World Travel and Tourism Council |
| EASA |
| Policy Hub |
| BEUC |